NORTHERN IRELAND HUMAN RIGHTS COMMISSION

Achoimre

Bille Ceart do Thuaisceart Éireann

Comhairle ar Státrúnaí Thuaisceart Éireann

NORTHERN IRELAND HUMAN RIGHTS COMMISSION

Achoimre

Bille Ceart do Thuaisceart Éireann

Comhairle ar Státrúnaí Thuaisceart Éireann

Iúil 2009

ISBN 1 903681 82 0

© Coimisiún Thuaisceart Éireann um Chearta an Duine
Temple Court, 39 Sráid Thuaidh, Béal Feirste BT1 1NA
Teil: (028) 9024 3987 ▢ Facs: (028) 9024 7844 ▢ Téacsfón: (028) 9024 9066
Téacs SMS: 07786 202075 ▢ Ríomhphost: information@nihrc.org
Suíomh Gréasáin: www.nihrc.org

Clár

Leathanach

1. Réamhrá **5**

Sainordú an Choimisiúin **5**

Creatlach faoi choinne Bille Ceart do Thuaisceart Éireann **5**

An gaol leis an Acht um Chearta an Duine 1998 (ACD) **5**

An gaol le Coinbhinsiún na hEorpa um Chearta an Duine (CECD) **7**

Na critéir le cearta forlíontacha a chur san áireamh **7**

An gaol le Bille Ceart don RA **7**

2. Cur i ngníomh agus cur i bhfeidhm Bille Ceart do Thuaisceart Éireann **8**

Údarás poiblí a shainmhíniú **8**

Cé atá in ann éileamh a dhéanamh faoi Bhille Ceart do Thuaisceart Éireann? **8**

An dóigh a dtig leis na cúirteanna na cearta i mBille Ceart do Thuaisceart Éireann a chur i bhfeidhm **8**

An bhfuil cúirteanna nua ag teastáil? **8**

Treoir do chúirteanna atá ag léiriú an inneachair **8**

Leigheasanna do dhaoine ar sáraíodh a gcearta **9**

An dóigh ar féidir na cearta molta a theorannú **9**

Fionraíocht Bille Ceart do Thuaisceart Éireann le linn éigeandála **9**

Leasuithe a dhéanamh ar Bhille Ceart do Thuaisceart Éireann **9**

3. Inneachar molta do Bhille Ceart do Thuaisceart Éireann **10**

Brollach **10**

Cearta a mhol an Coimisiún le bheith i mBille Ceart do Thuaisceart Éireann **10**

Ceart chun na beatha **10**

Saoirse ó chéasadh, íde atá mídhaonna nó táireach **11**

Toirmeasc ar sclábhaíocht agus ar obair éigeantais **11**

Ceart chun na saoirse agus na slándála **11**

Ceart ar thriail chothrom agus gan pionós gan dlí **12**

Ceart ar urraim don saol príobháideach agus teaghlaigh **12**

Saoirse smaointeoireachta, coinsiasa agus creidimh **12**

Saoirse cainte **12**

Saoirse comhthionóil agus comhlachais **13**

Ceart ar phósadh agus páirtíocht shibhialta **13**

Leathanach

Ceart ar chothromas agus toirmeasc ar leithcheal 13
Cearta daonlathacha 14
Cearta chun maoine 15
Cearta oideachais 15
Saoirse gluaiseachta 15
Saoirse ó fhoréigean, dúshaothrú agus ciapadh 16
Ceart ar chomhionannas agus cultúr 16
Cearta teanga 17
Cearta íospartach 18
Ceart ar cheartas sibhialta agus riaracháin 18
Ceart sláinte 19
Ceart ar chaighdeán maireachtála leormhaith 19
Ceart cóiríochta 20
Ceart oibre 20
Cearta comhshaoil 21
Cearta leasa shóisialta 21
Cearta leanaí 22

4. Éifeacht dhlíthiúil Bille Ceart do Thuaisceart Éireann ar nithe cineachta agus neamhchineachta 23
Tionól Thuaisceart Éireann agus údaráis phoiblí 23
Rialtas na RA agus údaráis phoiblí 23
Reachtaíocht Thionól Thuaisceart Éireann 23
Reachtaíocht Westminster 23
Reachtaíocht neamhréititheach 23

5. Maoirseacht Bille Ceart do Thuaisceart Éireann 24
Ról Choimisiún Thuaisceart Éireann um Chearta an Duine 24
Coiste Thionól Thuaisceart Éireann ar Chearta an Duine a chur ar bun 24
Próiseas athbhreithnithe thréimhsiúil 24

Tuilleadh eolais 24

1. Réamhrá

Is é is aidhm na cáipéise seo tuiscint níos fearr a chothú ar mholtaí Choimisiún Thuaisceart Éireann um Chearta an Duine (an Coimisiún) ar Bhille Ceart do Thuaisceart Éireann. Stiúrfaidh Oifig Thuaisceart Éireann comhairliúchán poiblí ar a fhreagairt do mholtaí an Choimisiúin i bhfómhar 2009. Spreagtar daoine aonair agus eagraíochtaí atá ag freagairt don chomhairliúchán moltaí an Choimisiúin a chur i gcomparáid agus i gcodarsnacht le moltaí an Rialtais agus iad ag ceapadh a gcuid tuairimí.

Íoslódail comhairle Chearta an Duine ó
www.nihrc.org

Foilsíodh comhairle iomlán an Choimisiúin ar an Státrúnaí faoi Bhille Ceart 10 Mí na Nollag 2008 i gcáipéis dar teideal **A Bill of Rights for Northern Ireland: Advice to the Secretary of State for Northern Ireland**. Tá an tuairisc ar fáil ar shuíomh Gréasáin an Choimisiúin: www.nihrc.org.

Sainordú an Choimisiúin

Istigh i gComhaontú Bhéal Feirste (Aoine an Chéasta) 1998 bhí an gealltanas go n-iarrfaí ar an Choimisiún:

> **…dul i gcomhchomhairle agus comhairle a thabhairt maidir leis an scóp atá ann chun cearta, arbh fhorlíonadh iad ar na cearta sa Choinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine, a shainmhíniú i reachtaíocht Westminster, d'fhonn imthosca ar leith Thuaisceart Éireann a léiriú, agus leas á bhaint, nuair is cuí, as ionstraimí agus taithí idirnáisiúnta. Is cóir go léireodh na cearta breise sin prionsabal na comhurraime d'fhéiniúlacht agus d'éiteas an dá phobal agus prionsabal na cothroime gradaim, agus - á dtógáil i dteannta an CECD - is éard a bheidh iontu Bille um Chearta do Thuaisceart Éireann.**

I measc na saincheisteanna a bhí le breithniú bhí:

> **foirmliú a dhéanamh ar oibleagáid ghinearálta ar an rialtas agus ar chomhlachtaí poiblí lánurraim a thabhairt, ar bhonn comhionannais déileála, d'fhéiniúlacht agus d'éiteas an dá phobal i dTuaisceart Éireann agus foirmliú soiléir a dhéanamh ar an gceart nach ndéanfar leithcheal agus ar an gceart ar chomhionannas deiseanna san earnáil phoiblí agus san earnáil phríobháideach araon**[1].

Bhí an gealltanas seo le brath ina dhiaidh sin in Acht Thuaisceart Éireann 1998[2].

Creatlach faoi choinne Bille Ceart do Thuaisceart Éireann

Leagann comhairle an Choimisiúin don rialtas sraith moltaí amach ar inneachar Bille Ceart do Thuaisceart Éireann. Cuid mhaith de na moltaí seo níl siad daingean agus tá na dualgais ar an rialtas na cearta a chomhlíonadh teoranta nó srianta. Iarrann comhairle an Choimisiúin a mhíniú cad é mar ba chóir a chuid moltaí a chur i ngníomh. Ní dréachtreachtaíocht í an chomhairle; ba chirte a rá, sa dóigh gur soiléir an rud atá i gceist, leagann sí amach go mionchruinn an dóigh ar chóir an dlí a dhréachtú.

An gaol leis an Acht um Chearta an Duine 1998 (ACD)

Tá Acht um Chearta an Duine 1998 (ACD) bunaithe ar Choinbhinsiún na hEorpa um Chearta an Duine (CECD). Molann an Coimisiún gur chóir forálacha an ACD bheith mar chuid de Bhille Ceart do Thuaisceart Éireann. Beidh seo ag teacht le sainordú an Choimisiúin agus ciallaíonn sé go bhfeidhmeoidh an ACD, i ngníomh, i dTuaisceart Éireann.

1 Comhaontú Bhéal Feirste (Aoine an Chéasta) 1998, lgh 16-17

2 Acht Thuaisceart Éireann 1998, alt 69(7).

Achoimre ar an Acht um Chearta an Duine 1998

Airteagal 2	Cosnóidh an dlí beatha gach duine.
Airteagal 3	Ní dhéanfar céastóireacht ar aon duine ná ní chuirfear aon íde nó pionós atá mídhaonna nó táireach ar aon duine.
Airteagal 4	Ní bheidh aon duine faoi réir sclábhaíochta ná saothar éignithe.
Airteagal 5	Tá ag gach duine an ceart chun saoirse agus slándála a phearsan nó a pearsan.
Airteagal 6	Tá gach duine i dteideal éisteacht chóir phoiblí má tá cúis choiriúil curtha ina leith nó nuair nach bhfuil a chearta nó a cearta sibhialta i ngeall.
Airteagal 7	Ní ghearrfar pionós ar aon duine gan dlí.
Airteagal 8	Tá ag gach duine an ceart go ndéanfar a shaol nó a saol príobháideach agus saol a theaghlaigh nó a teaghlaigh, a chónaí nó a cónaí agus a chumarsáidí nó a cumarsáidí a urramú.
Airteagal 9	Tá ag gach duine an ceart chun saoirse smaoinimh, coinsiasa agus reiligiúin.
Airteagal 10	Tá ag gach duine an ceart chun saoirse cainte.
Airteagal 11	Tá ag gach duine an ceart chun saoirse comhthionóil shíochánta, ceardchumainn a chur ar bun agus bheith mar bhall de cheardchumann agus chun saoirse comhlachais le daoine eile.
Airteagal 12	Tá ag gach duine an ceart chun pósadh agus chun teaghlach a bhunú.
Airteagal 14	Go n-áiritheofar na cearta sa Choinbhinsiún seo gan leatrom ar aon bhonn amhail gnéas, cine, dath craicinn, teanga, reiligiún, tuairim pholaitiúil nó eile, bunús náisiúnta nó sóisialta, gaolmhaireacht le mionlach náisiúnta, maoin, stádas breithe ná stádas ar bith eile.
Airteagal 16	Tugann aird ar Airteagail 10, 11 agus 14. Soiléiríonn sé nach bhfuil rud ar bith sna hAirteagail sin a choisceann ar an rialtas srianta a fhorchur ar ghníomhaíochtaí daoine nach saoránaigh iad.
Prótacal 1	
Airteagal 1	Tá ag gach duine an ceart sult síochánta a bhaint as a iarmhais nó a hiarmhais. Ní cheilfear a iarmhais nó a hiarmhais ar dhuine ar bith gan chúiteamh.
Airteagal 2	Ní dhiúltófar d'aon duine an ceart chun oideachais.
Airteagal 3	Tá ag gach duine an ceart chun páirt a ghlacadh i saorthoghcháin atá á reáchtáil le rúnbhallóid.
Prótacal 13	
Airteagal 1	Cuirfear pionós an bháis ar ceal.

An gaol le Coinbhinsiún na hEorpa um Chearta an Duine (CECD)

Níor cuireadh gach ceart a bhí san ACD san áireamh nuair a tugadh isteach an tAcht i 2000. Molann an Coimisiún gur chóir cuid de chearta CECD nach bhfuil san ACD, agus mar sin nach bhfuil mar chuid de dhlí intíre na Ríochta Aontaithe (RA), gur chóir iad siúd a chur isteach i mBille Ceart do Thuaisceart Éireann mar gheall ar a chúinsí ar leith.

Cearta atá forlíontach ar CECD

Molann an Coimisiún gur chóir líon ceart atá forlíontach orthu siúd atá i CECD a chur isteach i mBille Ceart do Thuaisceart Éireann. Tagann an mhórchuid acu seo ó chonarthaí idirnáisiúnta ceart daonna ar aontaigh an RA leo cheana agus atá ina gceangal dlí.[3]

Cuid mhaith de na cearta forlíontacha a mholtar tá siad faoi chosaint cheana i reachtaíocht intíre ar leith, ach gur ceart iad a chur i mBille Ceart de réir sainordaithe i gComhaontú Bhéal Feirste (Aoine an Chéasta) 1998 mar gheall ar chúinsí ar leith Thuaisceart Éireann. Ní moltaí nua iad na moltaí, mar sin, ach is cearta iad a bhfuil sé de dhualgas ar Rialtas na RA a chosaint agus a chomhlíonadh.

Na critéir le cearta forlíontacha a chur san áireamh

Úsáideadh modheolaíocht atá ag teacht leis an sainordú ón Chomhaontú, ar aontaigh na Coimisinéirí d'aon ghuth léi, le cuidiú le hábhar chomhairle an Choimisiúin a shocrú[4]. Mar chuid den mhodheolaíocht seo, bhreithnigh na Coimisinéirí go mion na ceisteanna bunúsacha feiceáil an raibh gach moladh:

a) inchosanta mar gheall ar chúinsí ar leith Thuaisceart Éireann

b) forlíontach ar CECD agus an ACD agus i gcomhréir lena bhforálacha atá ann cheana

c) ag teacht le dea-chleachtas de réir caighdeáin agus taithí idirnáisiúnta ar chearta daonna

d) ag teacht le prionsabail comhurraime d'fhéiniúlacht agus éiteas an dá phobal agus paireacht ghradaim.

An gaol le Bille Ceart don RA

D'fhoilsigh an Comhchoiste ar Chearta Daonna ag Westminster tuairisc ar **A Bill of Rights for the UK?** i Lúnasa 2008,[5] agus an chonclúid aici gur chóir don RA

> Íoslódáil modheolaíocht iomlán an Choimisiúin ó **www.nihrc.org**

glacadh le Bille Ceart agus Saoirsí d'fhonn na cosaintí riachtanacha a chur ar fáil, go háirithe do dhaoine imeallaithe agus soghonta. D'aithin an Coiste an dul chun cinn nach beag a rinneadh i dtreo Bille Ceart a fháil do Thuaisceart Éireann. Ba é a thuairim chomh maith "nach gcuireann socruithe rialachais cineachta bac ar dhréachtú Bille Ceart don RA" agus "gur inmhianaithe Billí Ceart ag na leibhéil náisiúnta agus cineachta".

In Aibreán 2009, d'fhoilsigh an Rialtas Páipéar Glas ar Chearta agus Freagrachtaí. Sa pháipéar seo, aithníonn an Rialtas an próiseas ar leith le Bille Ceart do Thuaisceart Éireann a dhréachtú agus deir "nach mian leis go mbainfeadh an díospóireacht faoi ionstraim na RA den phróiseas a bhaineann le Bille féideartha a fhreagraíonn do chúinsí ar leith Thuaisceart Éireann".[6]

---

3 Tá na hionstraimí ceart daonna idirnáisiúnta agus a n-eagrais mhonatóireachta faoi seach ar fáil ag: http://www2.ohchr.org/english/law/index.htm.

4 CTÉCD (2008) A Bill of Rights for Northern Ireland: Advice to the Secretary of State for Northern Ireland, 10 Mí na Nollag 2008, CTÉCD, Béal Feirste, Aguisín A.

5 Teach na dTiarnaí, Teach na dTeachtaí, Comhchoiste ar Chearta an Duine (2008) A Bill of Rights for the UK?, An Naoú Tuairisc is Fiche de Sheisiún 2007-08, Iml 1, TSO, Londain.

6 An Aireacht Dlí agus Cirt (2009) Rights and Responsibilities: Developing our Constitutional Framework, Cm 7577, TSO, Londain.

2. Cur I Ngníomh Agus Cur I Bhfeidhm Bille Ceart Do Thuaisceart Éireann

Roimh theacht ar chonclúid faoi an aontaíonn nó nach n-aontaíonn tú le gach ceann de mholtaí an Choimisiúin, creidimid gur den tábhacht an cháipéis iomlán a léamh. Is féidir go ndealraíonn sé go bhfuil na cearta féinmhínithe, ach is den riachtanas go dtuigtear an dóigh ar féidir iad a fhorfheidhmiú agus a fhorghníomhú, na teorainneacha a d'fhéadfadh a bheith orthu, agus an ról a bheadh ag polaiteoirí tofa sa chomhthéacs seo ag Parlaimint Westminster agus ag Tionól Thuaisceart Éireann.

Údarás poiblí a shainmhíniú

Chuirfeadh Bille Ceart do Thuaisceart Éireann dualgais ar na húdaráis phoiblí. Úsáidtear an téarma 'údarás poiblí' san Acht um Chearta an Duine (ACD) ach ghlac na cúirteanna léiriú caol ar cad is údarás poiblí ann. Molann an Coimisiún gur chóir go mbeadh léiriú níos leithne ar 'údarás poiblí' le haon duine nó eagras a chuireann feidhm phoiblí i ngníomh a chur san áireamh.

Cé atá in ann éileamh a dhéanamh faoi Bhille Ceart do Thuaisceart Éireann?

Tá léirmhíniú caol bunaithe ar íospartaigh ag an ACD maidir leo siúd a dtig leo éileamh a dhéanamh faoin Acht. Creideann an Coimisiún go bhfuil léirmhíniú an ACD róchaol do chuspóirí Bille Ceart do Thuaisceart Éireann. Molann sé gur chóir go mbeadh duine aonair nó eagraíocht in ann éileamh a dhéanamh ar chuntar go dtig leo 'leas dóthanach' a thaispeáint agus iad ag déanamh amhlaidh.

An dóigh a dtig leis na cúirteanna na cearta i mBille Ceart do Thuaisceart Éireann a chur i bhfeidhm

Tagraíonn inbhreithnitheacht cirt don mhéid a dtig í a chur i bhfeidhm trí chúirteanna. Molann an Coimisiún gur chóir go mbeadh gach ceart i mBille Ceart do Thuaisceart Éireann inbhreithnithe.

Beidh croí íosta ag na cearta a mholtar ar gá do na húdaráis phoiblí a chur i ngníomh láithreach. Ach beidh gnéithe ag cearta áirithe ar cóir iad a bhaint amach níos mó thar am. Tá na cearta seo inaitheanta ar fud Chaibidil 3 leis an fhrása 'd'fhonn go mbainfear amach an ceart seo ina iomláine diaidh ar ndiaidh'.

Tá na cearta uile incheartais

Mhol an Coimisiún gur chóir don Rialtas tuairisciú ar an rud a dhéanfaidh sé, agus, an rud atá déanta aige, sa dóigh go mbainfear cearta amach atá le baint amach diaidh ar ndiaidh. Go sonrach, mhol muid gur chóir don Fheidhmeannas tuairisciú don Tionól gach bliain ar an dul chun cinn a rinneadh sa bhliain roimhe.

Ach, ní choisceann sé seo an Rialtas ar thosaíochtaí polasaí agus caiteachas a leagan amach. Cheana féin, i dTuaisceart Éireann, bunaíonn Clár Rialtais an Choiste Feidhmiúcháin 2008-11 agus an chreatlach soláthair a bunaíodh de réir Comhaontuithe Seirbhísí Poiblí bonn láidir éifeachtach le haghaidh monatóireachta, le tuarsacálacha foilsithe bliantúla. Seo bonn láidir ar ar féidir moltaí an Choimisiúin a fhorfheidhmiú agus baint amach forásach ceart a chur chun cinn, a chosaint agus a chomhlíonadh.

Ba chóir go mbeadh Bille Ceart infheidhmithe sna cúirteanna reatha

An bhfuil cúirteanna nua ag teastáil?

Molann an Coimisiún gurb é an modh is fearr Bille Ceart a chur i bhfeidhm tríd an struchtúr cúirteanna atá ann i dTuaisceart Éireann, ag seachaint na ngnáthamh dlíthíochta trom costasach arbh fhéidir iad bheith mar thoradh dá gcaithfí éilimh Bille Ceart a dheighilt ó éilimh eile agus iad a chur go cúirt dhifriúil.

Treoir do chúirteanna atá ag léiriú an inneachair

Is minic a bhíonn comhairle ar chúirteanna maidir le léiriú chiall agus raon na gceart éagsúil atá iontu san áireamh le billí ceart, ag sainaithint prionsabail áirithe ar gá don chúirt a chur san áireamh agus breitheanna á ndéanamh acu. Molann an Coimisiún go léireofar Bille Ceart do Thuaisceart Éireann ar dhóigh a chinntíonn go mbeidh sé ag teacht, a mhéad is féidir, leis an ACD agus an Coinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine (CECD). Sin ráite, creidimid nár chóir go mbeadh aon bhac ar Bhille Ceart do Thuaisceart Éireann cosaintí níos forleithne a chur ar fáil ná mar atá ar fáil faoin ACD nó CECD.

Molann an Coimisiún gur chóir comhairle a chur ar na cúirteanna aird chuí a thabhairt ar Bhrollach an Bhille Ceart; ar chásdlí Chúirt na hEorpa um Chearta an Duine agus ar an dlí ceart daonna idirnáisiúnta, agus breitheanna ábhartha cúirteanna agus binsí eachtracha agus idirnáisiúnta.

Molann an Coimisiún, chomh maith, gur chóir clásal neamh-chúlchéimnithe a bheith sa Bhille Ceart d'fhonn go gcinnteofaí nach mbeadh aon laghdú ar chosaintí ceart daonna reatha.

Leigheasanna do dhaoine ar sáraíodh a gcearta

Molann an Coimisiún gur chóir go mbeadh clásal sa Bhille Ceart do Thuaisceart Éireann a chuireann iallach ar na cúirteanna leigheas éifeachtach a chur ar fáil do gach duine ar sáraíodh a gcearta. Thabharfadh sé sin an rogha don chúirt an leigheas ba chóra agus ba chuí a shocrú.

> Ba chóir go mbeadh cead ag cúirteanna cinneadh a dhéanamh faoi réiteach éifeachtach ar chásanna Bille Ceart

An dóigh ar féidir na cearta molta a theorannú

Is beag ceart daonna atá daingean. Is féidir an dualgas ar an stát an oiread ceart a bhaint amach bheith teorannaithe nó srianta. Ar an chúis seo, is gnách go mbíonn foráil i mbille ceart a chinntíonn nach féidir leis an rialtas cearta a theorannú ná a shrianadh gan aidhm dhlisteanach agus gan ach a mhéad is gá i sochaí dhaonlathach.

Molann an Coimisiún gur chóir foráil teorannaithe ghinearálta a bheith i mBille Ceart do Thuaisceart Éireann, í dréachtaithe d'fhonn nach bhfuil cearta forlíontacha faoi réir a leithéid de theorannuithe ach amháin iad siúd atá leagtha síos sa dlí agus atá riachtanach i sochaí atá bunaithe ar luachanna dhínit an duine, daonlathas, saoirse, agus comhionannas, ag tabhairt san áireamh gach dáil iomchuí, lena n-áirítear:

a) nádúr an chirt

b) tábhacht agus dlisteanacht chuspóir an teorannaithe

c) nádúr an teorannaithe

d) an gaol idir an teorannú agus a chuspóirí, agus

e) an oiread modhanna nach bhfuil chomh sriantach atá ar fáil leis an chuspóir a bhfuil sé d'aidhm ag an teorannú a bhaint amach a chur i gcrích.

Fionraíocht Bille Ceart do Thuaisceart Éireann le linn éigeandála

Bíonn clásail 'maolaithe' ag billí ceart áirithe, a ligeann don rialtas cearta daonna áirithe a chur ar fionraí le linn éigeandála. Ba chóir go mbeadh an rogha san ACD agus in CECD maolú ó chearta áirithe "le linn cogaidh nó éigeandáil phoiblí a bhagraíonn ar bheatha an náisiúin".

Molann an Coimisiún gur chóir go gceadódh Bille Ceart do Thuaisceart Éireann maolú i gcúinsí teoranta, agus de réir nósanna imeachta trédhearcacha cothroma. Molann sé gur gá staid éigeandála a bheith fógartha agus dearbhaithe ag Parlaimint Westminster sula dtiocfaí aon mhaolú ó Bhille Ceart do Thuaisceart Éireann a dhéanamh. Ba chóir an fhógairt agus aon reachtaíocht ábhartha a fhoilsiú a luaithe is féidir le réasún agus ba chóir nach mbeadh sé i bhfeidhm níos mó ná ráithe. I ndiaidh an ama sin ba chóir é a athbhreithniú agus socrú eile a dhéanamh.

Leasuithe a dhéanamh ar Bhille Ceart do Thuaisceart Éireann

Achtóidh Westminster Bille Ceart do Thuaisceart Éireann mar reachtaíocht phríomhúil. Sa RA, ní thig le haon Pharlaimint bac a chur ar Pharlaimint amach anseo achtú de réir mar is mian léi. Ciallaíonn sé sin go dtiocfadh le Parlaimint amach anseo Bille Ceart do Thuaisceart Éireann a leasú nó a aisghairm. Molann an Coimisiún gur gá ceadú trasphobail a fháil i dTionól Thuaisceart Éireann sular féidir Bille Ceart a leasú. Cuirfidh sé seo ciseal cosanta tábhachtach ar fáil mar aon le hurrús freagrachta daonlathaí.

> D'fhéadfaí Bille Ceart a athrú trí fhaomhadh trasphobail ag Tionól Thuaisceart Éireann

3. Inneachar Molta Do Bhille Ceart Do Thuaisceart Éireann

Brollach

Is gnách go mbíonn brollach ag Bille Ceart, is é sin le rá, alt tosaigh a leagann amach an comhthéacs. Molann an Coimisiún Brollach don Bhille Ceart do Thuaisceart Éireann bunaithe ar na prionsabail atá leagtha amach i nDearbhú Uilechoiteann Chearta an Duine agus caighdeáin ceart daonna eile, Coinbhinsiún na hEorpa um Chearta an Duine (CECD), Comhaontú Bhéal Feirste (Aoine an Chéasta) 1998 agus Comhaontú Chill Rímhinn 2006.

Is Acht é an Bille Ceart do Thuaisceart Éireann le tuilleadh éifeachta a thabhairt do chearta agus saoirsí atá á ráthú faoi Sceideal 1 den Acht um Chearta an Duine 1998 mar aon le líon ceart forlíontach a éiríonn as imthosca ar leith Thuaisceart Éireann.

Bunaithe ar phrionsabail lánurraime do agus comhionannais maidir le cearta sibhialta, polaitiúla, eacnamaíocha, sóisialta agus cultúrtha agus saoirse ó leithcheal:

Aithníonn sé gurb é is fearr le sochaí chóir chothrom a choinneáil daonlathas seasmhach feidhmiúil agus comhlíonadh coiteann ceart daonna;

Admhaíonn sé dínit agus luach gach duine agus cearta cothroma doshannta gach duine;

sé gealltanas daingean do mhodhanna síochánta agus dóibh sin amháin le difríochtaí a réiteach;

Tugann sé aghaidh ar oidhreacht an ama atá thart agus sainriachtanais íospartaigh agus mharthanóirí na coimhlinte;

Cumhdaíonn sé teidlíocht gach duine don réimse iomlán ceart agus saoirsí bunúsacha, á gcosaint ag riail an dlí;

Déanfaidh sé a dhícheall a chinntiú go n-éiríonn gach páiste aníos slán sábháilte;

Is tábhacht leis ról na mban sa saol poiblí agus polaitiúil agus an pháirt a bhí acu le síocháin agus slándáil a chur chun cinn;

Is ansa leis ár ndaonnacht choiteann agus tacaíonn le saoirse ón eagla agus ón riachtanas;

Féachann sé lenár n-oidhreacht choiteann agus timpeallacht nádúrtha a chaomhnú do na glúine atá le teacht;

Glacann sé leis an ghealltanas do chomhurraim agus cearta creidimh agus sibhialta gach duine;

Fáiltíonn sé roimh an éagsúlacht shaibhir teangacha, creideamh agus traidisiún atá mar shaibhreas cultúrtha ag ár sochaí;

Seasann sé le cearta agus cosaintí daoine aonair agus grúpaí atá ann cheana go háirithe iad siúd a ráthaíonn rannpháirtíocht shaor chothrom sa saol eacnamaíoch, sóisialta agus polaitiúil; agus

Tá sé tiomanta d'athmhuintearas a bhaint amach mar aon le tacú le cearta daonna gach duine.

Cearta a mhol an Coimisiún le bheith i mBille Ceart do Thuaisceart Éireann

Leagann an t-alt seo amach na cearta a mhol an Coimisiún le cur isteach i mBille Ceart do Thuaisceart Éireann. Tá na cearta CECD nach bhfuil san Acht um Chearta an Duine (ACD) agus na cearta atá forlíontach do CECD curtha i mboscaí ar mhaithe le soléiteacht. Tá ráiteas gairid ann chomh maith a mhíníonn cad chuige a ritheann tábhacht leis na cearta seo.

Ceart chun na beatha

Cosnaíonn Airteagal 2 CECD an ceart chun na beatha. Tá sé san ACD. Molann an Coimisiún go mbeidh Airteagal 2 mar chuid de Bhille Ceart do Thuaisceart Éireann. Molann sé chomh maith na cearta forlíontacha seo a leanas.

Ba chóir foráil a dhréachtú lena chinntiú –

Go gcaithfear reachtaíocht a dhréachtú lena chinntiú go bhfiosrófar go héifeachtach gach sárú ar an cheart chun na beatha a bhaineann leis an choimhlint i dTuaisceart Éireann. Ní mór go mbeidh aon mheicníocht a bhunófar ag teacht leis an dlí idirnáisiúnta um chearta an duine.

Bhí sáruithe forleathana córasacha ar an cheart chun na beatha ar pháirt gníomhairí stáit agus neamhstáit mar thoradh ar an choimhlint i dTuaisceart Éireann. Mar

thoradh díreach na coimhlinte, maraíodh 3,703 duine agus d'fhulaing i bhfad eile gortú, tinneas nó cailliúint. Bhí an easpa fiosraithe éifeachtaigh ar bhásanna nár réitíodh ina cúis easaontais sheirbh i dTuaisceart Éireann.

Leagann Airteagal 2 CECD dualgas ar stáit bearta a dhéanamh an ceart chun na beatha a chosaint agus básanna amhrasacha a fhiosrú go héifeachtach. Ach, glacadh leis nach mbaineann an ACD le heachtraí a tharla sular tháinig sé i bhfeidhm i nDeireadh Fómhair 2000. Faoi láthair, mar sin, tá caighdeáin dhifriúla i bhfeidhm sa dlí intíre maidir le fiosrú básanna de bharr fórsa marfach, ag brath ar cé acu ar tharla an bás roimh Dheireadh Fómhair 2000 nó ina dhiaidh. Féachann an moladh seo lena chinntiú go stiúrfar fiosrúcháin ar sháruithe an chirt chun na beatha maidir leis an choimhlint i dTuaisceart Éireann a tharla roimh Dheireadh Fómhair 2000 de réir na gcaighdeán nósanna imeachta atá i gceist le fiosrúcháin a stiúrtar i ndiaidh an dáta seo.

Saoirse ó chéasadh, íde atá mídhaonna nó táireach

Cosnaíonn Airteagal 3 CECD an ceart daingean ar shaoirse ó chéasadh, íde mhídhaonna nó táireach. Tá sé mar chuid den ACD. Molann an Coimisiún go mbeidh Airteagal 3 mar chuid de Bhille Ceart do Thuaisceart Éireann. Ní mholann sé aon chearta forlíontacha eile.

Toirmeasc ar sclábhaíocht agus ar obair éigeantais

Coisceann Airteagal 4 CECD sclábhaíocht agus obair éigeantais. Tá sé mar chuid den ACD. Molann an Coimisiún go mbeidh Airteagal 4 mar chuid de Bhille Ceart do Thuaisceart Éireann. Ní mholann sé aon chearta forlíontacha eile.

Ceart chun na saoirse agus na slándála

Cosnaíonn Airteagal 5 CECD an ceart chun na saoirse agus na slándála. Tá sé san ACD. Molann an Coimisiún go mbeidh Airteagal 5 mar chuid de Bhille Ceart do Thuaisceart Éireann. Molann sé chomh maith cuid de CECD nach bhfuil mar chuid den ACD agus na cearta forlíontacha seo a leanas.

Ba chóir forálacha a dhréachtú d'fhonn go mbeadh Prótacal a Ceathair, Airteagal 1 san áireamh –

Ní shéanfar a shaoirse nó a saoirse ar aon duine ar an acht amháin nár éirigh leis nó léi oibleagáid chonartha a chomhlíonadh.

Ba chóir forálacha a dhréachtú lena chinntiú –

1. Go bhfuil an ceart ag gach duine a ghabhtar nó a choinnítear dul i gcomhairle go pras agus go príobháideach le hionadaí dlí agus rochtain phras a bheith aige nó aici do liachleachtóir nuair is iomchuí.
2. Tá de cheart ag gach duine a ghabhtar nó a choinnítear cuairt a fháil ó bhall teaghlaigh faoi mhaoirseacht iomchuí.
3. Tá an ceart ag gach duine a cheistítear agus iad faoi ghabháil ionadaí dlí a bheith i láthair le linn ceastóireachta agus é a bheith ar taifead fuaime agus físe.
4. Ní mór d'údaráis phoiblí gach beart iomchuí a dhéanamh lánpháirtíocht a thabhairt arís dóibh siúd atá faoi choinneáil nó faoi chúram eile trí thacaíocht a chur ar fáil, roimh scaoileadh saor agus ina dhiaidh, i dtreo maireachtáil neamhspleách.
5. Tá an ceart ag gach páiste nó aosach soghonta atá faoi cheastóireacht agus iad faoi ghabháil, iad faoi choinneáil gan chúiseamh, nó iad atá á gcúiseamh, ionadaí dlí agus aosach iomchuí a bheith i láthair le hionadaíocht a dhéanamh dá leas.
6. Tá an ceart ag gach páiste ar cuireadh ina leith, nó a cruthaíodh gur sháraigh siad an dlí coiriúil, go gcaitear leo i ndóigh a thugann aird mar is cuí ar aois, tuiscint agus riachtanais an pháiste agus go ndírítear ar an pháiste a dhéanamh lánpháirteach arís sa tsochaí.
7. Tá an ceart ag gach páiste gan a bheith faoi choinneáil ach amháin mar rogha dheiridh, ní féidir an páiste a choinneáil ach don tréimhse ama iomchuí is lú, agus tá an ceart aige nó aici:
   a) go gcoinneofar é nó í ar shiúl ó dhaoine atá faoi choinneáil thar aois 18 mbliana; agus
   b) go gcaitear leis nó léi i ndóigh, agus go gcoinnítear iad i gcoinníollacha a thugann aird mar is cuí ar aois an pháiste.
8. Ní bheidh páiste ar bith sa chóras ceartais choiriúil faoi réir úsáid fórsa ná modhanna srianta ach amháin má tá sé go hiomlán riachtanach le tromghortú don pháiste nó duine eile a sheachaint.

Rinne an Coimisiún na moltaí seo de thairbhe gur aithin Comhaontú Bhéal Feirste (Aoine an Chéasta) an gá a bhí leis an chóras ceartais choiriúil a leasú i dTuaisceart Éireann. Rinneadh imní ceart daonna de na cúiseanna ar cuireadh amhrasáin faoi choinneáil, coinníollacha na coinneála agus an dóigh ar caitheadh le hamhrasáin i dTuaisceart Éireann. Is ceist shuntasach é go fóill athiomlánú cimí sa tsochaí. Taobh amuigh den chóras ceartais choiriúil, bhíothas ag brath barraíocht ar ospidéil fadchónaithe agus ba mhall an t-athlonnú i gcomparáid leis an chuid eile den RA. Measann an Coimisiún go gcuideoidh na cearta forlíontacha a mholtar le muinín a chothú sa chóras ceartais choiriúil agus le cinnte a dhéanamh de go dtabharfar aird lánchuí ar shoghontachtaí páistí.

Ceart ar thriail chothrom agus gan phionós gan dlí

Cosnaíonn Airteagail 6 agus 7 an ceart ar thriail chothrom agus an ceart gan pionós a fháil gan dlí. Tá siad seo san ACD. Molann an Coimisiún go mbeidh Airteagail 6 agus 7 mar chuid de Bhille Ceart do Thuaisceart Éireann. Molann sé, chomh maith, na cearta forlíontacha seo a leanas.

Ba chóir forálacha a dhréachtú lena chinntiú –

1. Go bhfuil an ceart ar thriail le giúiré ag gach duine do chionta tromchúiseacha agus an ceart aige nó aici é a tharscaoileadh.
2. Ní mór gan fianaise a fhaightear trí chéasadh nó íde atá mídhaonna nó táireach a chur san áireamh. Ní mór gan fianaise a fhaightear trí shárú ceart ar bith i mBille Ceart do Thuaisceart Éireann a chur san áireamh, ach amháin má shuítear nach bhfágfadh glacadh na fianaise go mbeadh an triail míchothrom nó bheith ar dhóigh ar bith eile chun aimhleas riaradh an cheartais.
3. I gcás páistí agus aosach soghonta ar cuireadh cion coiriúil ina leith, ní mór na nósanna imeachta bheith sa dóigh go dtabharfar aird chuí ar a n-aois, a dtuiscint agus cé chomh hinmhianaithe atá a n-athiomlánú.
4. Tá de cheart ag gach finné, roimh fhianaise a thabhairt agus ina dhiaidh, ar a leithéid de chosaint agus tacaíocht atá iomchuí dá riachtanais mar fhinnéithe.
5. Tá de cheart ag gach giúróir ar a leithéid de chosaint agus tacaíocht iomchuí a chuirfidh ar a gcumas a ndualgais a chomhlíonadh go cuí.
6. Tá de cheart ag gach ball de na breithiúna agus lucht dlí ar a leithéid de chosaint a chuirfidh ar a gcumas a ndualgais a chomhlíonadh go cuí.

Rinne an Coimisiún na moltaí seo de thairbhe go ndearnadh imní ceart daonna den dlí agus na nósanna imeachta a bhaineann le stiúradh trialacha i dTuaisceart Éireann. Cuireadh imeagla ar na breithiúna agus ar lucht dlí agus dúnmharaíodh cuid acu. I dTuaisceart Éireann amháin a cúisíodh cosantóirí do chionta áirithe gan an ceart ar thriail le giúiré. Tá an scéal amhlaidh fós gur féidir cosantóirí a chur faoi thriail gan ghiúiré i gcúinsí i dTuaisceart Éireann nach mbeadh infheidhme sa chuid eile den RA. Cuideoidh na moltaí seo le córas ceartais coiriúil cothrom agus neamhchlaonta a chur ar bun a mbeidh muinín ag gach duine as, trí chosaintí breise a chur ar fáil dóibh siúd atá sa phróiseas trialach agus ag ráthú go dtabharfar aghaidh ar shoghontachtaí páistí go héifeachtach.

Ceart ar urraim don saol príobháideach agus teaghlaigh

Cosnaíonn Airteagal 8 CECD an ceart ar urraim don saol príobháideach agus teaghlaigh. Tá sé san ACD. Molann an Coimisiún go mbeidh Airteagal 8 mar chuid de Bhille Ceart do Thuaisceart Éireann. Ní mholann sé aon chearta forlíontacha eile.

Saoirse smaointeoireachta, coinsiasa agus creidimh

Cosnaíonn Airteagal 9 CECD saoirse smaointeoireachta, coinsiasa agus creidimh. Tá sé san ACD. Molann an Coimisiún go mbeidh Airteagal 9 mar chuid de Bhille Ceart do Thuaisceart Éireann. Ní mholann sé aon chearta forlíontacha eile.

Saoirse cainte

Cosnaíonn Airteagal 10 CECD saoirse cainte. Tá sé san ACD. Molann an Coimisiún go mbeidh Airteagal 10 mar chuid de Bhille Ceart do Thuaisceart Éireann. Ní mholann sé aon chearta forlíontacha eile.

Saoirse comhthionóil agus comhlachais

Cosnaíonn Airteagal 11 CECD saoirse comhthionóil agus comhlachais. Tá sé san ACD. Molann an Coimisiún go mbeidh Airteagal 11 mar chuid de Bhille Ceart do Thuaisceart Éireann. Ní mholann sé aon chearta forlíontacha eile.

Ceart ar phósadh agus páirtíocht shibhialta

Cosnaíonn Airteagal 12 CECD an ceart ar phósadh. Tá sé san ACD. Molann an Coimisiún go mbeidh Airteagal 12 mar chuid de Bhille Ceart do Thuaisceart Éireann. Molann sé na cearta forlíontacha seo a leanas, chomh maith.

Ba chóir forálacha a dhréachtú lena chinntiú –

1. Go bhfuil ag gach duine atá pósta an ceart ar fhoirceannadh dlíthiúil pósta de réir na ndlíthe a rialaíonn cleachtadh an chirt seo.
2. Go bhfuil ag gach duine an ceart dul isteach i bpáirtnéireacht shibhialta agus de cheart acu foirceannadh dlíthiúil páirtnéireachta sibhialta a fháil de réir na ndlíthe a rialaíonn cleachtadh na gceart seo.

Rinne an Coimisiún na moltaí seo de thairbhe nach ndearnadh homaighnéasachas neamhchoiriúil i dTuaisceart Éireann go dtí 1982, 15 bliana i ndiaidh reachtaíocht chomhchosúil i Sasana agus sa Bhreatain Bheag. Tá fós cur in aghaidh suntasach maidir le cearta daonna aeracha agus leispiacha agus páirtnéireacht shibhialta i dTuaisceart Éireann. Sna cúinsí ar leith seo, is den riachtanas go dtabharfar tuilleadh cosanta don cheart ar pháirtnéireacht shibhialta agus ar a foirceannadh agus ar fhoirceannadh pósta. Agus é ag cur, in éineacht le cearta eile, le sochaí lánchuimsitheach agus cothrom, cuideoidh an chosaint bhreise seo le cur chun cinn measa agus cothromais.

Ceart ar chothromas agus toirmeasc ar leithcheal

Toirmisceann Airteagal 14 CECD leithcheal. Tá sé san ACD. Molann an Coimisiún go mbeadh Airteagal 14 mar chuid de Bhille Ceart do Thuaisceart Éireann. Molann sé chomh maith na cearta forlíontacha seo a leanas.

Ba chóir forálacha a dhréachtú lena chinntiú –

1. Go bhfuil gach duine cothrom roimh an dlí agus faoin dlí agus an ceart aige nó aici ar chosaint chothrom agus leas cothrom an dlí, agus teachtadh iomlán cothrom gach cirt agus saoirse.
2. Ní dhéanfaidh aon údarás poiblí leithcheal ar dhuine ar bith go héagórach ar aon bhonn amhail: gnéas, bheith mar bhall de phobal Thaistealaithe na hÉireann, dath an chraicinn, eitneachas, ginealach, gnéas, toircheas, stádas máithreachais, sibhialta, teaghlaigh nó cúramóra, teanga, reiligiún nó creideamh, tuairim pholaitiúil nó eile, stádas breithe, bunús náisiúnta nó sóisialta, náisiúntacht, stádas eacnamaíoch, gaolmhaireacht le mionlach náisiúnta, claonadh gnéasach, féiniúlacht, aois, míchumas, stádas sláinte, togracht ghéiniteach nó eile chun breoiteachta, taifead coiriúil neamhábhartha, maoin nó cumasc de na forais seo, ar bhonn na ngnéithe a bhaineann le ceann ar bith de na forais seo, ná stádas ar bith eile.
3. Is é atá i leatrom éagórach aon fhoráil, critéar nó cleachtas arb é an cuspóir nó éifeacht aige nó aici cumas aon duine bheith lánpháirteach ar bhonn cothrom le daoine eile in earnáil ar bith den saol eacnamaíoch, sóisialta, polaitiúil, cultúrtha nó sibhialta a dhochrú.
4. Gan dochar d'éifeacht láithreach na moltaí ar an Cheart ar Chothromas agus Toirmeasc ar Leithcheal, ní mór reachtaíocht a rith a choiscfidh nó a thoirmiscfidh leatrom éagórach.
5. Ní mór d'eagrais phoiblí gach beart iomchuí a dhéanamh, le leatrom éagórach a chealú agus i gcás gur gá agus de réir an dlí, ní mór dóibh gach beart iomchuí comhréireach a dhéanamh le coinníollacha grúpaí faoi mhíbhuntáiste a fheabhsú, ar a n-áirítear na daoine aonair nó na grúpaí sin atá faoi mhíbhuntáiste mar gheall ar na forais thoirmiscthe i Moladh 2.

6. Níl rud ar bith i mBille Ceart do Thuaisceart Éireann a chuirfidh bac ar aon dlí, clár ná gníomhaíocht arb é a chuspóir coinníollacha daoine aonair nó grúpaí faoi mhíbhuntáiste a fheabhsú, ar a n-áirítear na daoine aonair agus na grúpaí sin i Moladh 2, agus ar modh comhréireach é an cuspóir seo a chur i gcrích.

7. Ní mór d'eagrais phoiblí gach beart iomchuí a dhéanamh le cearta daoine breacaosta agus daoine míchumasaithe a chur chun cinn sa dóigh go dtig leo saol neamhspleách a bheith acu, go dtairbheoidh siad d'iomlánú sóisialta, cultúrtha agus oibre, agus go mbeidh siad lánpháirteach i saol an phobail.

Rinne an Coimisiún na moltaí seo nó bhí éagothromas idir an dá phríomhphobal agus leatrom ina gcúis le coimhlint i dTuaisceart Éireann. Tá an dóigh ar fhreagair an rialtas d'éagothromais eile a bhí ar dhaoine aonair taobh amuigh den dá phríomhphobal sainiúil do Thuaisceart Éireann. Mar shampla, ghlac sé níos mó ama cosaintí atá comhionann leo siúd atá i bhfeidhm sa chuid eile den RA a chur ar fáil. Cuimsíonn na moltaí seo na prionsabail agus na forálacha atá de dhíth le dul i ngleic le leatrom atá ar dhuine ar bith san earnáil phoiblí nó phríobháideach. Tugann siad a n-aghaidh ar an ghá le comhurraim agus paireacht ghradaim a chur chun cinn idir an dá phríomhphobal.

D'éiligh Comhaontú Bhéal Feirste (Aoine an Chéasta) 1998 ar an Choimisiún amharc ar fhoirmliú a dhéanamh ar dhá oibleagáid chomhionannais agus neamh-leithcheala bhreise i gcomhthéacs a chomhairle ar an Bhille Ceart. Na rudaí a bhí i gceist:

> **foirmliú a dhéanamh ar oibleagáid ghinearálta ar an rialtas agus ar chomhlachtaí poiblí lánurraim a thabhairt, ar bhonn comhionannais déileála, d'fhéiniúlacht agus d'aetas an dá phobal i dTuaisceart Éireann; agus foirmliú soiléir a dhéanamh ar an gceart nach ndéanfar leithcheal agus ar an gceart ar chomhionannas deiseanna san earnáil phoiblí agus san earnáil phríobháideach araon.**[7]

Is é aidhm an Choimisiúin cosaintí comhionannais agus neamhleatroim a shoiléiriú, a chódú agus a leathnú sa dóigh go mbeidh comhionannas mar bhunchloch Bille Ceart do Thuaisceart Éireann.

Cearta daonlathacha

Cosnaíonn Prótacal a hAon, Airteagail 3 CECD an ceart ar shaorthoghcháin. Ceadaíonn Airteagal 16 CECD srianta ar ghníomhaíocht pholaitiúil daoine nach saoránaigh iad. Tá an dá rud seo san ACD. Molann an Coimisiún go mbeidh siad mar chuid de Bhille Ceart do Thuaisceart Éireann. Molann sé chomh maith na cearta forlíontacha seo a leanas.

Ba chóir forálacha a dhréachtú lena chinntiú –

1. Go bhfuil ag gach duine an ceart agus an deis, gan aon idirdhealú atá luaite i Moladh 2 den alt Ceart ar Chothromas agus Toirmeasc ar Leithcheal na Comhairle seo agus gan aon srianadh neamhréasúnach, páirt a ghlacadh i stiúradh cúrsaí poiblí, go díreach nó trí ionadaithe roghnaithe go saor; vótáil agus bheith tofa ag toghcháin fhíora thréimhsiúla, nach mór a dhéanamh trí vótáil chomhchoiteann chothrom, agus ní mór iad a reáchtáil le rúnbhallóid, ag ráthú saorléiriú thoil na dtoghthóirí.

2. Go bhfuil ag gach duine an ceart fáil a bheith acu, ar théarmaí ginearálta comhionannais, ar sheirbhís phoiblí.

3. Ní mór toghcháin bheith faoi réir ionadaíocht chionmhar ag an leibhéal réigiúnach agus áitiúil.

4. Aithníonn Bille Ceart do Thuaisceart Éireann na cosaintí i gComhaontú Bhéal Feirste (Aoine an Chéasta) 1998 ar mhaithe le rannpháirtíocht chuimsitheach, chionmhar agus chothrom sa rialtas réigiúnach agus molann, trí mhodhanna atá le socrú i reachtaíocht, cosaintí comhionanna don rialtas áitiúil.

7 Comhaontas Bhéal Feirste (Aoine an Chéasta) 1998, lgh 16-17.

5. Ní mór d'eagrais phoiblí bearta éifeachtacha a dhéanamh le rannpháirtíocht iomlán chothrom na mban sa saol polaitiúil poiblí a éascú, agus úsáid beart speisialta sealadach san áireamh, a mhéad is gá.
6. Ní mór ballraíocht eagras poiblí, a mhéad is féidir, bheith ionadaíoch don tsochaí i dTuaisceart Éireann.
7. Ní mór údarás toghcháin bheith ann leis an phróiseas toghcháin a mhaoirsiú agus lena chinntiú go reáchtáiltear é go cóir, go neamhchlaonta agus faoi réir dlíthe atá ag teacht le Bille Ceart do Thuaisceart Éireann.

Rinne an Coimisiún na moltaí seo nó i sochaí roinnte is den riachtanas go gcosnaítear na bunchodanna den daonlathas, d'fhonn go gcinntítear go bhfuil na nósanna imeachta agus na hinstitiúidí rialtais ag teacht leis an tsochaí a bhfreastalaíonn siad uirthi agus ar ina hainm a dhéantar cinntí. Dearbhaíodh é sin i gComhaontú Bhéal Feirste (Aoine an Chéasta) agus Comhaontú Chill Rímhinn. Leis an daonlathas a neartú, ba chóir go mbeadh urrúis i mBille Ceart go stiúrfar toghcháin i modh saor agus cóir, le maoirseacht toghcháin neamhspleách. Ba chóir go gcuirfeadh sé ráthaíochtaí ar fáil faoi rialtas cuimsitheach cothrom agus rannpháirtíocht in eagrais phoiblí. Is cuid bhunúsach iad na moltaí seo i dtreo cur chun cinn comhurraime agus paireacht ghradaim.

Cearta chun maoine

Cosnaíonn Prótacal a hAon, Airteagal 1 CECD an ceart chun maoine. Tá sé san ACD. Molann an Coimisiún go mbeidh Prótacal a hAon, Airteagal 1 mar chuid de Bhille Ceart do Thuaisceart Éireann. Ní mholann sé aon chearta forlíontacha eile.

Cearta Oideachais

Cosnaíonn Prótacal a hAon, Airteagal 2 CECD an ceart ar oideachas. Tá sé san ACD. Molann an Coimisiún go mbeidh Prótacal a hAon, Airteagal 2 mar chuid de Bhille Ceart do Thuaisceart Éireann. Molann sé chomh maith na cearta forlíontacha seo a leanas.

Ba chóir forálacha a dhréachtú lena chinntiú –

1. Go mbeidh gach foirm den oideachas dírithe i dtreo cur chun cinn ceart daonna, cothromas, dínit an duine, meas ar éagsúlacht agus caoinfhulaingt.
2. Nach ndiúltófar d'aon pháiste an ceart ar rochtain ar churaclam oideachais iomlán Thuaisceart Éireann.

Rinne an Coimisiún na moltaí seo cionn is go bhfuil ról láidir dearfach ag scoileanna, is cuma cén cineál, i normalú na sochaí, ag cuidiú lena déanamh inmharthana agus beoga, agus ag cumasú comhroinnt idir phobail atá go minic roinnte. Is iomchuí go mbeidh foráil i mBille Ceart a chinnteoidh go gcuireann an t-oideachas ceart daonna chun cinn agus, le himthosca ar leith Thuaisceart Éireann san áireamh, comhurraim agus paireacht ghradaim don dá phríomhphobal. Deacracht shainiúil amháin i soláthar oideachais cinnte a dhéanamh de go bhfuil rochtain ag gach páiste ar an churaclam reachtúil iomlán. Mar shampla, níl réim ag Plean Gníomhaíochta um Choiriúlacht na Roinne Gnóthaí Baile, a aistríonn freagracht soláthar oideachais do pháistí atá faoi choinneáil ón tseirbhís phríosúin go dtí an Roinn Páistí, Scoileanna agus Teaghlach, i dTuaisceart Éireann agus níl a chómhaith ann. Ba chóir go gcuirfeadh Bille Ceart ráthaíochtaí ar fáil nach mbeidh an cás amhlaidh as seo amach.

Saoirse gluaiseachta

Cosnaíonn Prótacal a Ceathair CECD, Airteagail 2(1) agus 2 (4) ceart gluaiseachta. Níl siad san ACD. Molann an Coimisiún go mbeidh Prótacal a Ceathair, Airteagail 2(1) agus 2(4) mar chuid de Bhille Ceart do Thuaisceart Éireann.

Ba chóir forálacha a dhréachtú le Prótacal a Ceathair CECD, Airteagal 2, Saoirse gluaiseachta, bheith san áireamh –

(1) Beidh ceart gluaiseachta taobh istigh de chríoch an Stáit ag gach duine atá go dleathach taobh istigh de chríoch an Stáit, agus an tsaoirse aige nó aici a áit nó a háit chónaithe a roghnú.

(4) Is féidir, chomh maith, go mbeidh na cearta atá leagtha amach i bparagraf 1 faoi réir, i gcásanna ar leith, srianta a fhorchuirtear de réir an dlí agus má fhágann leas an phobail i sochaí dhaonlathach cóir iad.

Rinne an Coimisiún na moltaí seo nó d'aithin Comhaontú Bhéal Feirste (Aoine an Chéasta) gur chóir go mbeadh an ceart ag daoine a áit nó a háit chónaithe a roghnú go saor. Chuir cumhachtaí eisceachtúla don tseirbhís phóilíneachta agus don arm, ballaí agus geataí síochána agus bagairt foréigin sheictigh srian ar cheart gluaiseachta agus cónaithe daoine ar dhóigheanna atá sainiúil don tsochaí seo. Agus patrúin gluaiseachta agus cónaithe san áireamh, tá gá soiléir ann go gcaithfear aghaidh a thabhairt ar an imní seo.

Saoirse ó fhoréigean, dúshaothrú agus ciapadh

Ní dhéanann CECD cosaint ar leith ar an cheart saoirse ó fhoréigean, ciapadh nó dúshaothrú gnéasach, nó ní aithníonn sé bagairt ar leith foréigin agus mí-úsáide sa réimse príobháideach. Molann an Coimisiún go mbeidh na cearta forlíontacha seo a leanas i mBille Ceart do Thuaisceart Éireann.

Ba chóir forálacha a dhréachtú lena chinntiú–

1. Go bhfuil an ceart ag gach duine bheith saor ó gach cineál foréigin agus ciaptha, ó fhoinsí poiblí nó príobháideacha, lena n-áirítear ach gan a bheith teoranta do:
   a) foréigean nó ciapadh teaghlaigh;
   b) foréigean nó ciapadh gnéasach;
   c) foréigean nó ciapadh a bhaineann le hinscne;
   d) foréigean nó ciapadh seicteach; agus
   e) foréigean nó ciapadh arb é fuath ar aon chúis thoirmiscthe leithcheala a spreag é.
2. Tá ag gach duine an ceart bheith cosanta ó dhúshaothrú gnéasach agus ó gháinneáil ghnéis nó cineálacha eile gáinneála.
3. Ní mór do gach údarás poiblí gach beart iomchuí a dhéanamh le cosaint na gceart i Moltaí 1 agus 2 a chinntiú.

Rinne an Coimisiún na moltaí seo cionn is nach bhfuil na leibhéil foréigin agus ciaptha a fulaingíodh i dTuaisceart Éireann mar iarmhairt ar an choimhlint ar dhóigh ar bith chomh hard sa chuid eile den Ríocht Aontaithe. Ní raibh an taithí ar fhoréigean teoranta do léirithe seicteachais nó sa réimse poiblí amháin. Leanann eachtraí seicteacha go fóill, agus tá fás ag teacht ar chineálacha áirithe mí-úsáide, mar shampla, foréigean i gcoinne na mban agus coir fuatha. Aithníonn Comhaontú Bhéal Feirste (Aoine an Chéasta) 1998 a thábhachtaí atá sé aghaidh éifeachtach a thabhairt ar an imní seo. Agus teorainn talún á roinnt ag Tuaisceart Éireann le ball eile den Aontas Eorpach tá Tuaisceart Éireann uathúil ón chuid eile den RA. Tá sé oscailte do ghníomhaíocht thrasteorann aindleathach, gáinneáil ar dhaoine san áireamh.

An ceart ar chomhionannas agus cultúr

Ní dhéanann CECD cosaint shainiúil ar an cheart ar chomhionannas agus cultúr. Molann an Coimisiún go mbeidh na cearta forlíontacha seo a leanas i mBille Ceart do Thuaisceart Éireann.

Ba chóir forálacha a dhréachtú lena chinntiú –

1. Go bhfuil an ceart ag muintir Thuaisceart Éireann iad féin a shainaithint mar Éireannach nó Briotanach nó an dá rud agus go nglacfaí leis sin, mar a roghnaíonn siad féin, gan aon aimhleas ná difríocht ionramhála de chineál ar bith. Ní rachadh aon athrú i stádas Thuaisceart Éireann san am atá le teacht i bhfeidhm ar an cheart sin.
2. Go bhfuil an ceart ag muintir Thuaisceart Éireann saoránacht Bhriotanach nó Éireannach a bheith acu nó an dá rud de réir na ndlíthe a rialaíonn cleachtadh an chirt seo, gan aon aimhleas ná difríocht ionramhála de chineál ar bith. Ní rachadh aon athrú i stádas Thuaisceart Éireann san am atá le teacht i bhfeidhm ar an cheart sin.
3. Nach mór d'údaráis phoiblí lánmheas a bheith acu, ar bhonn comhionannas ionramhála, ar fhéiniúlacht agus éiteas an dá phríomhphobal i dTuaisceart Éireann.

Níl cead ag aon duine atá ag baint feidhm as an fhoráil seo é a dhéanamh ar dhóigh nach bhfuil ag teacht le cearta agus saoirsí daoine eile.

4. Go bhfuil ag gach duine ar ball é nó í de mhionlach náisiúnta, eitneach, creidimh, teanga nó cultúrtha i dTuaisceart Éireann an ceart, mar dhuine aonair agus i gcomhar le baill eile den ghrúpa, a gcultúr féin a theachtadh, a gcreideamh féin a fhógairt agus a chleachtadh, agus a dteanga féin a úsáid go príobháideach agus go poiblí. Ní cead ag aon duine atá ag cleachtadh na gceart seo é a dhéanamh ar dhóigh nach bhfuil ag teacht le cearta agus saoirsí daoine eile.

5. Nach mór d'údaráis phoiblí spiorad caoinfhulaingthe agus idirphlé a spreagadh, ag déanamh bearta éifeachtacha comhurraim, comhthuiscint agus comhoibriú a chur chun cinn i measc gach duine atá ina gcónaí i dTuaisceart Éireann, beag beann ar chine, eitneachas, teanga, creideamh nó tuairim pholaitiúil na ndaoine sin.

6. Nach gcuirfear iallach ar dhuine ar bith i dTuaisceart Éireann mionn a ghlacadh, nó mionn a ghlacadh ar dhóigh, atá i gcoinne a reiligiúin nó a gcreidimh, nó a éilíonn orthu creideamh nach bhfuil acu a nochtadh.

Rinne an Coimisiún na moltaí seo cionn is go n-aithníonn Comhaontú Bhéal Feirste (Aoine an Chéasta) an ceart ar fhéiniúlachtaí agus saoránacht Bhriotanach agus Éireannach, agus thug údarás don Choimisiún amharc ar oibleagáid ar údaráis phoiblí meas a bheith acu ar fhéiniúlacht agus éiteas an dá phobal a chur i mBille Ceart do Thuaisceart Éireann. Agus an roinnt stairiúil agus leanúnach idir an dá phríomhphobal san áireamh, mar aon le cómhaireachtáil féiniúlachtaí Briotanacha agus Éireannacha, tháinig an Coimisiún ar an chonclúid go bhfuil gá lena leithéid d'oibleagáid agus go bhfuil sí inmhianaithe d'fhonn comhurraim agus paireacht ghradaim a chur chun cinn. Is gá, chomh maith, mionlaigh eile theanga, chultúrtha agus eitneacha a chosaint d'fhonn cosc a chur le cruthú nó athdhaingniú grádlathas cosaintí ceart. Cuirfidh na moltaí seo an chosaint riachtanach d'fhéiniúlacht agus cultúir ar fáil agus ag an am céanna ag aithint gur gá, le síocháin sheasmhach bhuan a thógáil, comhurraim, comhthuiscint agus comhoibriú a chur chun cinn i measc mhuintir uile Thuaisceart Éireann.

Cearta teanga

Ní dhéanann CECD cosaint shainiúil ar chearta teanga. Molann an Coimisiún go mbeidh na cearta forlíontacha seo a leanas mar chuid de Bhille Ceart Thuaisceart Éireann.

Ba chóir forálacha a dhréachtú lena chinntiú –

1. Go bhfuil ag gach duine a bhaineann le mionlach teanga an ceart foghlaim nó oideachas a fháil ina mionteanga áit a bhfuil líon substaintiúil úsáideoirí agus éileamh substaintiúil.

2. Go bhfuil ag gach duine an ceart ar rochtain ar sheirbhísí atá riachtanach don bheatha, sláinte nó slándáil trí chumarsáid le húdarás poiblí, de chúnamh ateangaireachta nó cuidiú eile de réir mar is gá, i dteanga (agus teanga chomharthaíochta san áireamh) agus i meán a thuigeann siad.

3. Gur gá le húdaráis phoiblí, mar íosmhéid, feidhmiú de réir oibleagáidí a ghlac Rialtas na RA air féin faoin Chairt Eorpach um Theangacha Réigiúnacha nó Mionlaigh maidir le tacaíocht don Ghaeilge agus Albainis Uladh agus a bhforbairt.

Rinne an Coimisiún na moltaí seo cionn is go bhfuil aighneas atá sainiúil do Thuaisceart Éireann ann faoi chearta teanga a bhfuil baint dhíreach aige leis an choimhlint pholaitiúil. Aithníodh an tábhacht a ritheann le meas, comhthuiscint agus caoinfhulaingt maidir le héagsúlacht teangacha, an Ghaeilge, Albainis Uladh agus teangacha na bpobal eitneach éagsúil i gComhaontú Bhéal Feirste (Aoine an Chéasta). Mar pháirtí sa Chairt Eorpach um Theangacha Réigiúnacha agus Mionlaigh, tá sé mar oibleagáid ar an Rialtas Gaeilge agus Albainis Uladh a chosaint agus a chur chun cinn. Is den ríthábhacht go gcumhdaítear cosaintí teanga, lena n-áirítear teanga Chomharthaíochta, i mBille Ceart d'fhonn go gcinntítear meas agus cothromas do gach duine agus cur chun cinn paireacht ghradaim idir an dá phríomhphobal.

Ceart íospartach

Ní dhéanann CECD cosaint shainiúil ar chearta íospartach. Molann an Coimisiún go mbeidh na cearta forlíontacha seo a leanas mar chuid de Bhille Ceart do Thuaisceart Éireann.

Ba chóir forálacha a dhréachtú lena chinntiú –

1. Go bhfuil ag gach duine a d'fhulaing cion an ceart ar chúnamh ábhair iomchuí, leighis, síceolaíoch agus sóisialta.
2. Go bhfuil ag gach duine a d'fhulaing cion an ceart go gcuirfear ar an eolas iad faoi dhul chun cinn an fhiosrúcháin agus imeachtaí dlí ábhartha.
3. Nach mór reachtaíocht a rith le haitheantas a thabhairt do gach íospartach i gcoimhlint Thuaisceart Éireann agus lena chinntiú go gcosnaítear a gcearta. Ar na cearta seo tá an ceart ar chúiteamh agus ar chúnamh ábhair iomchuí, leighis, síceolaíoch agus sóisialta

Rinne an Coimisiún na moltaí seo cionn is go n-aithníonn Comhaontú Bhéal Feirste (Aoine an Chéasta) an gá le haghaidh a thabhairt ar fhulaingt íospartaigh na coimhlinte leis seo a dhéanamh mar chuid riachtanach den athmhuintearas. Aithníodh riachtanais ar leith íospartach sa Chlár don Rialtas, i ndréacht-Straitéis Íospartach agus Marthanóirí, agus i mbunú Choimisiún na nÍospartach agus Marthanóirí agus tuairisc an Ghrúpa Comhairliúcháin ar an Am a Chuaigh Thart. Ar feadh tamall fada i dTuaisceart Éireann, bhí fócas an chórais ceartas coiriúil "dírithe go príomha ar leasa an Stáit i ndéileáil le hiompraíocht choiriúil agus thug níos lú airde ar na híospartaigh a raibh éifeacht dhíreach ag iompraíocht choiriúil orthu".[8] Chuir Comhaontú Bhéal Feirste (Aoine an Chéasta) an fothaca d'fhorbairt polasaí agus nuachóiriú nósanna imeachta maidir le riachtanais daoine a d'fhulaing cion. "Tá stádas na n-íospartach fós le hardú níos airde ná an cleachtas a bhí ann roimhe agus ní mór fócas níos treise ar riachtanais fhíora an íospartaigh aonair a fhorbairt".[9] Cuideoidh na moltaí seo le muinín a thógáil i gcóras ceartas níos cothroime.

Ceart ar cheartas sibhialta agus riaracháin

Ní dhéanann CECD cosaint shainiúil ar an cheart ar cheartas sibhialta agus riaracháin. Molann an Coimisiún go mbeidh na cearta forlíontacha seo a leanas mar chuid de Bhille Ceart do Thuaisceart Éireann.

Ba chóir forálacha a dhréachtú lena chinntiú –

1. Go bhfuil ag gach duine an ceart ar rochtain ar aon eolas a choinníonn údaráis phoiblí, faoi réir na ndlíthe a rialaíonn cleachtadh an chirt seo.
2. Go bhfuil ag gach duine an ceart ar ghníomhaíocht riaracháin atá dleathach, cothrom de réir nósanna imeachta, réasúnach, comhréireach agus curtha i bhfeidhm taobh istigh d'achar réasúnta.
3. Nach mór d'údaráis phoiblí fáthanna a thabhairt dá gcinntí agus, nuair is féidir, meicníochtaí iomchuí a chur ar fáil le haghaidh athbhreithniú inmheánach nó achomharc ar a gcinntí.

Rinne an Coimisiún na moltaí seo cionn is gur den ríthábhacht go gcoinnítear údaráis phoiblí cuntasach agus go ndéantar cinnte de gur go hoscailte agus go trédhearcach a ghlactar le gach iarratas réasúnta ar eolas lena chinntiú go mbeidh muinín as an chóras ceartais shibhialta agus riaracháin. Tá cumasú daoine den phobal maoirseacht cistí poiblí a athbhreithniú agus an oiread ar éirigh leis an rialtas eochairchuspóirí a chur i gcrích lárnach i bhfeidhmiú institiúidí daonlathacha i sochaí atá ag éirí as coimhlint. Ba chóir go mbeadh a leithéid d'urrúis

8 Coimisinéir Maoirseacht Ceartas (2006) Séú Tuairisc, Oifig an Choimisinéara um Mhaoirseacht Ceartas, Béal Feirste, para 2.18.

9 Thuas.

mar chuid de Bhille Ceart agus an chonspóid a bhaineann le nádúr an tsaoil pholaitiúil agus phoiblí i dTuaisceart Éireann san áireamh.

Ceart sláinte

Ní dhéanann CECD cosaint shainiúil ar cheart sláinte. Molann an Coimisiún go mbeidh na cearta forlíontacha seo a leanas mar chuid de Bhille Ceart do Thuaisceart Éireann.

Ba chóir forálacha a dhréachtú lena chinntiú –

1. Go bhfuil ag gach duine an ceart ar an chaighdeán is airde is féidir sláinte coirp agus meabhrach. Ní mór d'údaráis phoiblí gach beart iomchuí a dhéanamh, lena n-áirítear bearta reachtaíochta, chomh fada agus is féidir de réir na n-acmhainní atá ar fáil acu, d'fhonn go mbainfear an ceart seo amach ina iomláine de réir a chéile.
2. Nach séanfar cóireáil leighis éigeandála agus cúram sláinte príomhúil riachtanach ar aon duine.
3. Go bhfuil ag gach duine an ceart ar chúram sláinte iomchuí agus seirbhísí cúraim shóisialta saor ag an phointe úsáidte agus taobh istigh d'achar réasúnta. Ní mór d'údaráis phoiblí gach beart réasúnta a dhéanamh, lena n-áirítear bearta reachtaíochta, chomh fada agus is féidir de réir na n-acmhainní atá ar fáil acu, d'fhonn go mbainfear an ceart seo amach ina iomláine de réir a chéile.
4. Go bhfuil ag mná agus cailíní an ceart ar rochtain ar sheirbhís cúram sláinte agus eolas atá inscne-íogair agus iomchuí.

Rinne an Coimisiún na moltaí seo cionn is go raibh tionchar díreach ag an choimhlint ar shláinte mhuintir Thuaisceart Éireann. Chuaigh an marú, gortú agus tráma a d'éirigh as na 'trioblóidí' i gcion go mór ar shláinte choirp agus mheabhrach daoine aonair agus a gcuid teaghlach. Ba mhinic a laghdaigh na héifeachtaí tánaisteacha caighdeán saoil cleithiúnaithe agus an Rialtas ag aithint go bhfuil comhghaol idir drochshláinte agus leibhéil arda foréigin.

D'aithin an rialtas gur gá aird a thabhairt ar stádas sláinte an phobail trí chéile agus leag sé amach clár gníomhaíochta dó féin leis na héagothromais sláinte i dTuaisceart Éireann a laghdú. Sprioc straitéiseach amháin i bpleanáil sláinte is ea cinnte a dhéanamh de go n-úsáidtear déanamh cinntí atá inscne-íogair agus rochtain ar sheirbhísí iomchuí. Ba chóir go ndéanfadh Bille Ceart cinnte de nach séanfar cúram sláinte éigeandála agus riachtanach ar aon duine. Chomh maith leis sin ba chóir go gcinnteodh sé feabhsú leanúnach soláthar agus inrochtaineacht seirbhísí.

Ceart ar chaighdeán maireachtála leormhaith

Ní dhéanann CECD cosaint shainiúil ar an cheart ar chaighdeán maireachtála leormhaith. Molann an Coimisiún go mbeidh na cearta forlíontacha seo a leanas mar chuid de Bhille Ceart do Thuaisceart Éireann.

Ba chóir forálacha a dhréachtú lena chinntiú –

1. Go bhfuil ag gach duine an ceart ar chaighdeán maireachtála leordhóthain atá dóthanach don duine sin agus dá gcleithiúnaithe. Ní mór go ndéanfaidh údaráis phoiblí gach beart iomchuí, lena n-áirítear bearta reachtaíochta, chomh fada agus is féidir de réir na n-acmhainní atá ar fáil acu, d'fhonn go mbainfear an ceart seo amach ina iomláine de réir a chéile.
2. Nach ligfear d'aon duine bheith dealbh.

Rinne an Coimisiún na moltaí seo cionn is gur aithin an Rialtas go raibh bunús substaintiúil le gearáin a bhaineann le leithcheal sóisialta agus eacnamaíoch i dTuaisceart Éireann. Aithníonn Comhaontú Bhéal Feirste (Aoine an Chéasta) gur eochairchodanna de thógáil buansíochána iad dul i ngleic le míbhuntáiste eacnamaíoch agus cur chun cinn cuimsithe shóisialta. Shonraigh an Rialtas chomh maith go bhfuil sé tiomanta "na patrúin de mhíbhuntáiste sóisialta atá ann a athrú go hurghníomhach trí rachmas méadaitheach agus fás eacnamaíoch a úsáid le dul i ngleic le bochtaineacht leanúnach".[10] Ba chóir, dar linn, go mbeadh a leithéid cumhdaithe i mBille Ceart. Chomh maith leis sin, ba chóir don Rialtas cosaint láithreach a ráthú do na baill is soghonta agus is imeallaithe den tsochaí.

10 Clár don Rialtas 2008-11 (2007) Feidhmeanas Thuaisceart Éireann, Béal Feirste, lch 7.

Ceart cóiríochta

Ní thugann CECD cosaint shainiúil do cheart cóiríochta. Molann an Coimisiún go mbeidh na cearta forlíontacha seo a leanas mar chuid de Bhille Ceart do Thuaisceart Éireann.

Ba chóir forálacha a dhréachtú lena chinntiú –

1. Go bhfuil ag gach duine an ceart ar chóiríocht leormhaith atá iomchuí dá riachtanais. Ní mór go ndéanfaidh údaráis phoiblí gach beart iomchuí, lena n-áirítear bearta reachtaíochta, chomh fada agus is féidir de réir na n-acmhainní atá ar fáil acu, d'fhonn go mbainfear an ceart seo amach ina iomláine de réir a chéile.
2. Nach mbeidh cead aon duine a chur amach as a theach nó a teach trí bhagairtí nó ciapadh nó nach féidir iad a dhíshealbhú gan ordú cúirte. Ní mór d'údaráis phoiblí gach beart iomchuí a dhéanamh lena chinntiú go gcosnaítear an ceart seo.
3. Tá ag gach duine an ceart ar chóiríocht éigeandála iomchuí.

Rinne an Coimisiún na moltaí seo cionn is gur fadhb é go fóill i dTuaisceart Éireann patrúin leithscartha tithíochta arb é imeaglú is cúis leo, agus go raibh leithcheal i leithroinnt tithíochta ina chúis rannpháirteach coimhlinte. Is rud bunúsach le comhurraim agus paireacht ghradaim idir an dá phríomhphobal a chur chun cinn go dtabharfar aghaidh ar an chéad cheann de na saincheisteanna seo, agus go gcumhdaítear ráthaíocht nach dtarlóidh an dara ceann. Is den riachtanas go gcuireann Bille Ceart dualgas ar áisíneachtaí ábhartha rialtais tithe a leithdháileadh gan leithcheal. Tá níos mó tithíochta sóisialta ar phraghas réasúnta ina ghné thábhachtach i mbaint amach an toraidh seo. Ach, creidimid chomh maith go bhfuil sé ríthábhachtach go gcosnaíonn áisíneachtaí daoine ó imeaglú agus ciapadh ina dteach féin agus go gcuireann siad dídean éigeandála ar fáil dóibh siúd a bhfuil sí ag teastáil uathu.

Ceart oibre

Ní dhéanann CECD cosaint shainiúil ar cheart oibre. Molann an Coimisiún go mbeidh na cearta forlíontacha seo a leanas mar chuid de Bhille Ceart do Thuaisceart Éireann.

Ba chóir forálacha a dhréachtú lena chinntiú –

1. Go bhfuil ag gach duine ceart oibre, lena n-áirítear an ceart deis a mbeatha a thabhairt i dtír trí obair a roghnaíonn siad nó a nglacann siad leo go saor. Ní mór go ndéanfaidh údaráis phoiblí gach beart iomchuí, lena n-áirítear bearta reachtaíochta, chomh fada agus is féidir de réir na n-acmhainní atá ar fáil acu, d'fhonn go mbainfear an ceart seo amach ina iomláine de réir a chéile.
2. Go bhfuil ag gach duine an ceart coinníollacha córa fabhracha oibre a bheith acu beag beann ar stádas an oibrí, lena n-áirítear:
   a) Luach saothair a chuireann ar fáil d'oibrithe, mar íosmhéid:
      i. tuarastal cóir agus luach saothair comhionann as obair ar comhionann a luach gan idirdhealú de chineál ar bith, go háirithe, go ráthaítear go mbeidh coinníollacha oibre ag mná nach mbeidh níos measa ná iad siúd atá ag fir, le tuarastal comhionann as obair chomhionann;
      ii. teacht isteach maith dóibh féin agus dá dteaghlaigh;
   b) coinníollacha slána sláintiúla;
   c) saoirse ó gach cineál leithcheala éagóraigh agus ó chiapadh lena n-áirítear gach beart iomchuí a dhéanamh leithcheal i gcoinne na mban in earnáil na fostaíochta a chealú, lena n-áirítear mar gheall ar thoircheas nó máithreachas;
   d) scíth, fóillíocht agus teorannú réasúnta ar uaireanta oibre mar aon le saoire thréimhsiúil le pá, chomh maith le luach saothair do laethanta saoire poiblí.
3. Go bhfuil ag oibrithe an ceart dul ar stailc agus an ceart bheith páirteach i gcómhargáil.
4. Go bhfuil ag gach duine a bhfuil freagrachtaí cúraim orthu an ceart ar fhaoiseamh cuí ó na freagrachtaí sin. Ní mór go ndéanfaidh údaráis phoiblí gach beart iomchuí, lena n-áirítear bearta reachtaíochta, chomh fada agus is féidir de réir na n-acmhainní atá ar fáil acu, d'fhonn go mbainfear an ceart seo amach ina iomláine de réir a chéile.

Rinne an Coimisiún na moltaí seo cionn is gur chuir eisiamh ó fhostaíocht agus leithcheal inti leis an choimhlint i dTuaisceart Éireann. Bhí agus tá margaí fostaíochta scartha, imeagla san ionad oibre agus leithcheal seicteach fós sainiúil don tsochaí seo. Bhí gealltanas i gComhaontú Bhéal Feirste (Aoine an Chéasta) dul i ngleic le dífhostaíocht agus na difreálaigh i rátaí dífhostaíochta idir an dá phobal a chealú diaidh ar ndiaidh trí spriocdhíriú ar riachtanas oibiachtúil. Cinnteoidh na moltaí seo, dar linn, go ráthóidh Bille Ceart an deis do rochtain chomhionann ar obair faoi choinníollacha córa fabhracha, lena n-áirítear faoiseamh do chúramóirí, cionn is gur féidir iad a fheiceáil mar riachtanais le dul i ngleic le leithcheal agus míbhuntáiste sóisialta. An áit nach bhfuil coinníollach fabhrach cumhdaithe, is gá go gcosnófar oibrithe i mBille Ceart d'fhonn go dtig leo dul i dteagmháil le fostóirí nó a saothar a tharraingt siar le cosaintí a gceart a chinntiú.

Cearta comhshaoil

Ní dhéanann CECD cosaint shainiúil ar chearta comhshaoil. Molann an Coimisiún go mbeidh na cearta forlíontacha seo a leanas mar chuid de Bhille Ceart do Thuaisceart Éireann.

Ba chóir forálacha a dhréachtú lena chinntiú –

1. Go bhfuil ag gach duine an ceart go gcosnófar an comhshaol sa dóigh go gcothaítear sláinte agus folláine na glúine seo agus glúine atá le teacht, agus ag an am céanna ag cur forbairt inchosanta eacnamaíoch agus shóisialta chun cinn.
2. Nach mór d'údaráis phoiblí bearta reachtaíochta agus bearta eile a dhéanamh le:
   a) truailliú agus díghrádú éiceolaíoch a theorannú;
   b) caomhnú agus bithéagsúlacht a chur chun cinn; agus
   c) forbairt agus úsáid inmharthana acmhainní a urrú.

Rinne an Coimisiún na moltaí seo cionn is go raibh cosaint comhshaoil i dTuaisceart Éireann thíos mar gheall ar thearcinfheistíocht. Tá Tuaisceart Éireann ar an aon chuid den RA nach bhfuil rialtóir Comhshaoil neamhspleách aici. Tá cosaint comhshaoil difriúil chomh maith mar gheall ar an imthoisc uathúil go roinntear teorainn talún le stát ar ball eile é san Aontas Eorpach. Aithnítear é seo i gComhaontú Bhéal Feirste (Aoine an Chéasta) le foráil ann do Chomhairle Aireachta Thuaidh-Theas, agus ar na freagrachtaí atá aici tá cosaint an chomhshaoil, rialú ar thruailliú, cáilíocht an uisce, agus bainisteoireacht dramhaíola. Aithníonn an Rialtas gur den ríthábhacht go gcosnaítear an comhshaol, ní hamháin le Tuaisceart Éireann a chur chun cinn mar áit le cónaí agus obair ann, agus le cuairt a thabhairt air, ach le folláine agus cáilíocht na beatha a fheabhsú. Creidimid go bhfuil forálacha de dhíth i mBille Ceart d'fhonn an comhshaol a chosaint agus a fheabhsú do ghlúine an ama i láthair agus do na glúine atá le teacht.

Cearta leasa shóisialta

Ní dhéanann CECD cosaint shainiúil ar chearta leasa shóisialta. Molann an Coimisiún go mbeidh an ceart forlíontach seo a leanas mar chuid de Bhille Ceart Thuaisceart Éireann.

Ba chóir foráil a dhréachtú lena chinntiú –

1. Go bhfuil ag gach duine ceart leasa shóisialta, lena n-áirítear cúnamh sóisialta, árachas sóisialta agus pinsean. Ní mór go ndéanfaidh údaráis phoiblí gach beart iomchuí, lena n-áirítear bearta reachtaíochta, chomh fada agus is féidir de réir na n-acmhainní atá ar fáil acu, d'fhonn go mbainfear an ceart seo amach ina iomláine de réir a chéile.

Rinne an Coimisiún an moladh seo cionn is go bhfuil forálacha leasa difriúla ag Tuaisceart Éireann ná mar atá ag áit ar bith sa RA. Bhí siad seo bunaithe ar riachtanais chónaithe a léirigh a shuíomh tíreolaíoch uathúil go roinntear teorainn talún le dlínse cheannasach eile. Rinneadh bearta faoi leith chomh maith le plé le haisghabháil fiach a lean diúltuithe cíos agus rátaí a íoc mar fhoirm d'agóid pholaitiúil. Tagraíonn Comhaontú Bhéal Feirste (Aoine an Chéasta) agus Comhaontú Chill Rímhinn do shaincheisteanna eisiaimh shóisialta agus míbhuntáiste eacnamaíoch agus an gá le dul i ngleic leo.

De thairbhe go raibh imthosca ar leith ag Tuaisceart Éireann bhí comhréir ard daoine ag fáil sochair dhífhostaíochta; líon ard daoine gan obair ar íocaíocht (nó in obair ar phá íseal) agus líon ard daoine ag fáil Liúntas

Maireachtála Míchumais ar fháthanna meabhairshláinte. Tá comhghaol aitheanta substaintiúil idir na ceantair is mó a ndeachaigh an choimhlint i bhfeidhm orthu agus leibhéil bochtaineachta coibhneasta. Ar na cúiseanna sin, creideann an Coimisiún go dteastaíonn ó Thuaisceart Éireann go mbeidh cosaintí leasa shóisialta mar chuid de Bhille Ceart.

Cearta leanaí

Ní dhéanann CECD cosaint shainiúil ar chearta leanaí. Molann an Coimisiún go mbeidh na cearta forlíontacha seo a leanas mar chuid de Bhille Ceart do Thuaisceart Éireann.

Ba chóir forálacha a dhréachtú lena chinntiú –

1. D'fhonn leas a bhaint as aon saincheart leanaí i mBille Ceart do Thuaisceart Éireann, ciallaíonn leanbh agus gach duine daonna faoi aois ocht mbliana déag d'aois.
2. Nach mór do na cearta i mBille Ceart do Thuaisceart Éireann bheith ráthaithe do gach leanbh, gan leithcheal ar aon bhonn atá liostaithe i Moladh 2 den Cheart ar Chothromas agus Toirmeasc ar Leithcheal, is cuma má bhaineann an bonn leithcheala leis an leanbh nó tuismitheoirí nó caomhnóirí dleathacha an linbh.
3. Nach mór d'údaráis phoiblí a chinntiú, i ngach gníomh a bhaineann le leanbh, is cuma údaráis phoiblí nó institiúidí príobháideacha a bheith ina mbun, gurb é leas is fearr an linbh a bheidh mar phríomhthosaíocht.

   Go mbeidh leas is fearr an linbh ar an tosaíocht is airde in uchtú, nó aon imeachtaí socrúcháin linbh.
4. Nach mór d'údaráis phoiblí gach beart iomchuí a dhéanamh lena chinntiú go mbeidh faill ag gach leanbh ar áiseanna slána iomchuí súgartha agus fóillíochta.
5. Go bhfuil ag gach leanbh atá fágtha go sealadach, nó go buan, gan a dtimpeallacht teaghlaigh an ceart ar chosaint agus cúnamh ar leith chomh fada a bhí siad de dhíth orthu.
6. Nach mór d'údaráis phoiblí gach beart reachtaíochta, riaracháin, sóisialta agus oideachais a dhéanamh le gach leanbh a chosaint ó gach cineál foréigin, drochíde, faillí, dúshaothrú agus ciapadh.
7. Nach mór d'údaráis phoiblí gach beart iomchuí a dhéanamh lena chinntiú go bhfuil gach leanbh ar an eolas faoina gcearta go mbeidh meas ar a gcuid tuairimí, go mbeidh siad san áireamh agus go dtabharfar aird chuí orthu i ngach cúrsa a théann i bhfeidhm ar an leanbh, ag cur san áireamh aois an linbh, a leibhéal tuisceana agus cumais atá ag forbairt.
8. Nach mór d'údaráis phoiblí gach beart iomchuí a dhéanamh lena chinntiú go gcosnaítear gach leanbh ó bhaint dhíreach a bheith acu i gcáil ar bith i gcoimhlintí armáilte nó i gcogaíocht shibhialta lena n-áirítear a n-úsáid mar fhoinsí faisnéise.

Rinne an Coimisiún na moltaí seo cionn is go raibh iarmhairtí tromchúiseacha ar leanaí i dTuaisceart Éireann ag éifeacht trasghlúine agus oidhreacht leanúnach na coimhlinte. Maraíodh chóir a bheith 300 leanbh agus bhí éifeacht ar na mílte acu cionn is gur gortaíodh, maraíodh nó cuireadh i bpríosún baill teaghlaigh nó cairde. Tá fianaise ann anois den tráma a bhí ar leanaí daoine a d'fhás aníos le linn na coimhlinte. D'imir gníomhaithe stáit agus neamhstáit drochíde ar leanaí, agus chuir grúpaí armáilte cuid acu faoi fhoréigean pionóis, mar dhea. Ceann de na difríochtaí follasacha is mó idir saol leanaí i dTuaisceart Éireann i gcomparáid leis an chuid eile den RA is ea buan-iarmhairt deighilte taobh istigh de phobail agus i dtithíocht, oideachas, súgradh agus áiseanna fóillíochta. D'fhonn dochar an ama a chuaigh thart agus le glúine an ama atá le teacht a chosaint, is den tábhacht go gcuirtear cosaintí breise ar fáil do leanaí i dTuaisceart Éireann. Ag cinntiú go bhfuil córas coiteann cearta ár leanaí uile a chosaint, mar aon le cearta eile, cuirfidh sé comhurraim agus paireacht ghradaim idir an dá phríomhphobal chun cinn.

4. Éifeacht Dhlíthiúil Bille Ceart Do Thuaisceart Éireann Ar Nithe Cineachta Agus Neamhchineachta

Baineann freagracht as saincheisteanna a dtéann Bille Ceart do Thuaisceart Éireann i bhfeidhm orthu le Parlaimint Westminster, Rialtas na RA, Tionól Thuaisceart Éireann agus Feidhmeannas Thuaisceart Éireann. Rinne an Coimisiún machnamh, mar sin de, ar an éifeacht dhlíthiúil ba chóir a bheith ag Bille Ceart do Thuaisceart Éireann ar na hinstitiúidí seo.

Tionól Thuaisceart Éireann agus údaráis phoiblí

Molann an Coimisiún gur chóir go mbeadh Tionól Thuaisceart Éireann, Feidhmeannas Thuaisceart Éireann agus gach údarás poiblí eile i dTuaisceart Éireann faoi cheangal ag Bille Ceart agus faoi dhualgas feidhmiú faoi réir Bille Ceart ina ngníomhaíochtaí uile.

Rialtas RA agus údaráis phoiblí

Molann an Coimisiún gur chóir go mbeadh Rialtas na RA agus na húdaráis phoiblí ábhartha faoi cheangal ag Bille Ceart do Thuaisceart Éireann sa mhéid go gcuireann siad a bhfeidhmeanna i gcrích i dTuaisceart Éireann nó i dtaca le Tuaisceart Éireann.

Bheadh dualgas ar údaráis phoiblí gníomhú de réir Bille Ceart

Reachtaíocht Thionól Thuaisceart Éireann

Faoi láthair, caithfidh reachtaíocht a ritheann Tionól Thuaisceart Éireann bheith ag teacht le Coinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine (CECD). Molann an Coimisiún gur chóir don Tionól ráitis a eisiúint ag dearbhú go bhfuil a reachtaíocht ag teacht le Bille Ceart do Thuaisceart Éireann. Mura bhfuil sí ag teacht leis, ba chóir a fhógairt go bhfuil an reachtaíocht neamhbhailí.

Reachtaíocht Westminster

Chun go measfar go mbeidh cearta forlíontacha i mBille Ceart do Thuaisceart Éireann ar comhstádas le CECD agus leis an Acht um Chearta an Duine (ACD), molann an Coimisiún, nuair a bhíonn Bille a théann i bhfeidhm ar Thuaisceart Éireann á rith i bParlaimint Westminster, ba chóir go mbeadh iallach ar an Aire atá ina bhun ráiteas a dhéanamh ag fógairt go bhfuil an reachtaíocht ag teacht le Bille Ceart do Thuaisceart Éireann.

Reachtaíocht neamhréititheach

Faoi láthair tá de chumhacht ag cúirteanna faoin ACD dearbhuithe a eisiúint go bhfuil reachtaíocht Westminster ag teacht le cearta CECD. Molann an Coimisiún gur chóir go mbeadh a leithéid de chumhacht dearbhuithe neamhréititheachta a dhéanamh bheith i bhfeidhm faoi Bhille Ceart do Thuaisceart Éireann. Ba chóir go mbeadh an ceart ag cúirteanna reachtaíocht de chuid Thionól Thuaisceart Éireann agus foreachtaíocht de chuid Thuaisceart Éireann nach bhfuil ag teacht leis an Bhille Ceart do Thuaisceart Éireann a dhéanamh neamhbhailí. Ar a bharr sin, molann an Coimisiún nár chóir foreachtaíocht Westminster nach bhfuil ag teacht leis an Bhille Ceart Ceart do Thuaisceart Éireann a chur i bhfeidhm i dTuaisceart Éireann.

5. Maoirseacht Bille Ceart Do Thuaisceart Éireann

Ról Choimisiún Thuaisceart Éireann um Chearta an Duine

Faoi Acht Thuaisceart Éireann 1999, tá dualgas reachtúil ar an Choimisiún dóthanacht agus éifeachtacht dlí agus cleachtais maidir le cosaint ceart daonna a choinneáil faoi athbhreithniú. Molann an Coimisiún go ndéanfaidh sé monatóireacht agus iniúchadh ar chomhlíonadh Bille Ceart do Thuaisceart Éireann

Dhéanfadh an Coimisiún um Chearta Daonna monatóireacht ar chomhlíonadh Bille Ceart

Coiste Thionól Thuaisceart Éireann ar Chearta an Duine a chur ar bun

Tá ról ag gach brainse den rialtas i gcosaint agus i gcur chun cinn ceart daonna. Molann an Coimisiún gur chóir do Thionól Thuaisceart Éireann a Bhuanchoiste féin a chur ar bun le sainordú aige scrúdú a dhéanamh agus tuairisciú ar gach imní ceart daonna agus cothromais atá taobh istigh de réimse inniúlachta Thionól Thuaisceart Éireann, lena n-áirítear comhoiriúnacht billí taobh istigh de chaighdeáin ábhartha ceart daonna; agus ba chóir an Coimisiún a chumasú le fiosrúcháin a stiúradh maidir le himní ceart daonna.

Próiseas athbhreithnithe thréimhsiúil

Molann an Coimisiún próiseas athbhreithnithe thréimhsiúil le cur i bhfeidhm cóir Bille Ceart do Thuaisceart Éireann a chinntiú.

Tuilleadh Eolais

Is féidir tuilleadh eolais ar Bhille Ceart do Thuaisceart Éireann, an tAcht um Chearta an Duine agus Coinbhinsiún na hEorpa um Chearta an Duine a fháil ó na foinsí seo a leanas.

- **Coimisiún Thuaisceart Éireann um Chearta an Duine**: www.nihrc.org
  Suíomh gréasáin tiomnaithe ar an Bhille Ceart: www.borini.info
- **Fóram Bille Ceart**, 2006-08: www.billofrightsforum.org
- **Eagrais neamhrialtasacha atá ag obair ar Bhille Ceart**
  Human Rights Consortium: www.billofrightsni.org
  CFNI: www.communityfoundationni.org
  NICEM: www.nicem.org.uk
- **An tAcht um Chearta an Duine 1998 agus CECD**
  Oifig an Chéad-Aire agus an Leas-Chéad-Aire: www.ofmdfmni.gov.uk/human-rights
  Aireacht Ceartais: www.justice.gov.uk
  Comhairle na hEorpa: www.coe.int

Coimisiún Thuaisceart Éireann um Chearta an Duine
Cúirt an Teampaill
39 Sráid Thuaidh
Béal Feirste BT1 1NA
Teil: (028) 9024 3987
Facs: (028) 9024 7844
Téacsfón: (028) 9024 9066
Téacs SMS: 07786 202075
R-phost: information@nihrc.org
Láithreán Gréasáin: www.nihrc.org

Is féidir an doiciméad seo a chur ar fáil i dteangacha eile seachas an Béarla, i mBraille, i gclosfhormáid, nó i mórchló ach iarratas a chur chuig oifigí an Choimisiúin. Tá sé ar fáil chomh maith ar láithreán gréasáin an Choimisiúin ag **www. nihrc.org**

Do chearta a chosaint agus a chur chun cinn

CDS N112321